



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills



An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

Faoi Ghníomh 88 de Phlean DEIS 2017, thug an Roinn Oideachais agus Scileanna agus TUSLA gealltanas athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar reatha oideachais lasmuigh den scoil chun tacuithe breise a cheapadh sa réimse seo. Cuideoidh an t-athbhreithniú seo le plean a fhorbairt do chur chuige rathúil idirghníomhaireachta chun tacú le grúpaí ar nós páistí atá neamhpháirteach nó a bhfuil baol ann nach nglacfaidh siad páirt sa chóras oideachais príomhshrutha. Cuideoidh an t-athbhreithniú freisin leis an bpolasaí a spreagadh le haghaidh obair thras-rannóg agus idirghníomhaireachta chun tacú le páistí agus le teaghlaigh, obair a bhfuil tús curtha léi cheana féin trí fhoilsiú Better Outcomes Brighter Futures the National Policy Framework for Children and Young People, bunú TUSLA agus Plean DEIS 2017.

Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Seirbhísí Leasa Oideachais TUSLA i ndiaidh Grúpa Oibre a bhunú chun tabhairt faoin athbhreithniú. Tabharfaidh an grúpa faoi athbhreithniú ar an soláthar reatha lasmuigh den scoil agus déanfaidh moltaí chun soláthar oideachais a fheabhsú sa réimse seo. Tá ionadaithe sa ghrúpa ó ghrúpaí leasmhara lena n-áirítear An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, Boird Oiliúna agus Oideachais Éireann agus An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.

Sainmhínítear réimse an athbhreithnithe mar:

Soláthar foirmiúil oideachais sa Stát le haghaidh leanaí idir 6-16 bliana d'aois (nó a bhfuil níos lú ná 3 bliana d'oidéachas iarbhunscoile faighte acu, cibé acu is moille) nach bhfuil páirt á glacadh acu nó atá i mbaol éirí as páirt a ghlacadh in oideachas príomhshrutha.

Ní bhaineann an réimse le soláthar oideachais le haghaidh páistí ar:

- scoileanna neamhspleácha nach ngearrann táillí
- teagasc baile de chineál ar bith
- oideachas sa bhaile

Choimisiúnaigh SOLAS athbhreithniú faoi leith ar an gclár Youthreach agus táthar ag tabhairt faoi i láthair na huaire. Ionas nach mbeidh dúbláil ann, coinníodh soláthar oideachais in Youthreach amach sa réimse an athbhreithnithe seo.

Is iad seo a leanas na Téarmaí Tagartha mar a aontaíodh leis an nGrúpa Oibre, agus aird aige ar leibhéal an tsoláthair sa réimse.

- 1. Cén chaoi ina bhfuil an soláthar reatha le haghaidh oideachas lasmuigh den scoil i láthair na huaire?***
- 2. Cén chaoi inar chóir dó a bheith?***
- 3. Conas is féidir leis an stát soláthar a dhéanamh ar a shon?***

Tá an Grúpa Oibre ar lorg aighneachtaí scríofa ó dhaoine nó ó pháirtithe leasmhara maidir leis an obair atá ar bun aige. Agus aighneacht á déanamh iarrtar ort an teimpléad a úsáid ag [Insert Template Link](#)

Tabharfaidh an Grúpa Oibre faoi bhreathnú cothrom a thabhairt do gach aighneacht a fhaightear. Ní féidir leis an nGrúpa Oibre, áfach, gealltanais a thabhairt go n-aontófar agus go gceadófar agus go ngníomhófar ar gach moladh atá déanta.

Is é Dé hAoine 6 Aibreáin, 2018, an spriocdháta chun aighneachtaí a chur isteach. Ba cheart aighneachtaí a chur le ríomhphost chuig outofschoolreview@education.gov.ie ar an teimpléad atá ar fáil.